Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11334/1/26**
**REV 1**

**AGRI 556**
**AGRIFIN 131**
**AGRISTR 33**
**AGRIORG 88**
**ENV 883**
**POLCOM 257**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Mná in earnáil na talmhaíochta<br>– *Seisiún tuairimíochta* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo nóta ón Uachtaránacht don seisiún tuairimíochta maidir leis an ábhar thuasluaite a bheidh ann le linn an chruinnithe den Chomhairle ('Talmhaíocht agus Iascach') an 13 Iúil 2026.

**IARSCRÍBHINN**

**Mná in earnáil na talmhaíochta**

Agus Bliain Idirnáisiúnta na bhFeirmeoirí Ban á cheiliúradh ag na Náisiúin Aontaithe in 2026, tugtar deis leis an mír seo ar an gclár oibre machnamh a dhéanamh ar ról athraitheach na mban sa talmhaíocht agus ar an méid a chuireann siad le todhchaí na hearnála. Cé go bhfuil mná ríthábhachtach don fheirmeoireacht, do tháirgeadh bia agus do phobail tuaithe, is rómhinic nach n-aithnítear a rannchuidiú agus tá siad fós faoi ghannionadaíocht sa cheannaireacht agus sa chinnteoireacht.

Tugann an plé deis do na Ballstáit féachaint, ó dhearcadh CBT agus dearcadh nach mbaineann le CBT araon, ar an tslí ar féidir leis an earnáil agraibhia a bheith níos cuimsithí, níos athléimní agus níos inbhuanaithe trí aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar rannpháirtíocht, trí thacú leis an gcéad ghlúin eile de mhná san fheirmeoireacht, agus trína áirithiú go mbeidh rath ar thallann, nuálaíocht agus ceannaireacht gan beann ar inscne.

**Treoircheisteanna**

- Conas is féidir linn cur leis an dul chun cinn atá déanta cheana féin chun rannpháirtíocht, infheictheacht agus aitheantas foirmiúil na mban a chur chun cinn san earnáil agraibhia?
- Cad iad na céimeanna praiticiúla sonracha nó na conairí malartacha a d’fhéadfaí a thabhairt isteach chun rochtain chomhionann agus deiseanna comhionanna a chur chun cinn d’fheirmeoirí ban maidir le fiontar feirme a cheannach, a fháil le hoidhreacht nó a bhunú?